## Gaelscoil Áine

# FÓGRA BLIANTÚIL MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH

## i dtaca le ligean isteach i scoilbhliain 2024

### Polasaí um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais

Tá cóip de Pholasaí na scoile um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais um Ligean Isteach do 2024-25 ar fáil mar seo a leanas: –

Le híoslódáil ag: www.gaelscoilaine.com

Ar iarratas: Ach ríomhphost a chur chuig gaelscoilaine@gmail.com nó scríobh chuig:

Gaelscoil Áine, Bóthar Naomh Mobhí, Droim Conrach, B.Á.C 9 D09XP65

## CUID 1 - Ligean isteach i scoilbhliain 2024-25

### Dátaí Iarratais agus Cinnidh i gcomhair ligean isteach in 2024-25

Is iad seo a leanas na dátaí is infheidhme maidir le ligean isteach sna Naíonáin Shóisearacha Bhliain.

| |
|---|
| Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar **1/11/23** |
| Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar **30/11/2023** |
| Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná **18/12/2023** |
| Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná* **14/1/2024** |

**Nóta: Measfaidh an scoil iarratais dhéanacha agus eiseoidh cinntí orthu de réir polasaí iontrála na scoile.**

***Mura nglactar le tairiscint taobh istigh den am atá leagtha síos thuas, d'fhéadfaí an tairiscint a tharraingt siar**

### Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil in 2024-25

| |
|---|
| Is é líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sna Naíonáin Shóisearacha ná **26** |

## **CUID 2** - Ligean isteach i scoilbhliain 2023-24

### Eolas maidir leis an bpróiseas um ligean isteach don Ghrúpa Iontrála sna Naíonáin Shóisearacha don scoilbhliain 2023-24

Maidir leis an scoilbhliain 2023-24, ba é an líon iomlán iarratas ar ligean isteach a fuair an scoil ná 95.

| **Miondealú ar na háiteanna atá leithdháilte don scoilbhliain 2023-24:** | |
|---|---|
| Líon na n-áiteanna ar fáil: | 30 |
| Líon na n-iarratas a fuarthas: | 95 |
| Líon na dTairiscintí a rinneadh agus ar glacadh leo faoi gach critéar | Critéar a hAon: Siblíní reatha – 17 n-iarratas tagtha isteach- 17 áit tairgthe, 17 áit glactha.<br>Critéar a Dó: Iarratasóirí a bhfuil leibhéal líofachta Gaeilge acu-21 n-iarratas tagtha isteach, 12 áit tairgthe, 8 áit glactha.<br>Critéar a Trí: 57 n-iarratas tagtha isteach -17 áit tairgthe, glacadh le 5 áit. |
| Líon iomlán na dtairiscintí a rinneadh | 46 |
| Líon na n-ainmneacha a cuireadh ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann. | 57 |

Critéar 1. Páiste le deartháir, deirfiúr, leathshiblín, páiste altrama nó páiste uchtaithe acu cláraithe sa scoil ag an seoladh céanna

Critéar 2. Páistí atá á dtógáil le Gaeilge.

Critéar 3. Páistí in ord aoise, is sine i dtosach